RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/217 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2023

lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, a mhéid a bhaineann le roinnt neamhréireachtaí i gceanglais a thugtar isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 agus Rialacháin (AE) 2021/1296 agus (AE) 2021/2237

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 31 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2237 ón gCoimisiún ([2]) leasaíodh pointe ORO.FC.146 d'Iarscríbhinn III (Cuid-ORO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([3]). Ní mór an tagairt do phointe ORO.FC.005(b)(1) a chur in ionad na tagartha i bpointe ORO.FC.146(f)(2) do phointe ORO.FC.005(b)(2), arb é an pointe é atá ábhartha d'oibríochtaí eitleáin.

(2) Nuair a leasaíodh pointí CAT.POL.A.230 agus CAT.POL.A.235 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, tugadh isteach botún le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 ón gCoimisiún ([4]) maidir le seoladh eitleán. Ba cheart na ceanglais i bpointí CAT.POL.A.230(e) agus CAT.POL.A.235(e) a chur i bhfeidhm go carnach, ní de rogha ar a chéile.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1296 ón gCoimisiún ([5]) tugadh isteach leasuithe ar phointe CAT.OP.MPA.150 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012. I ndearmad, níl leasuithe iarmhartacha ar phointí CAT.POL.A.215 agus CAT.POL.A.415 san Iarscríbhinn sin ag gabháil leis na leasuithe sin. Dá thoradh sin, tá an tagairt dhlíthiúil ábhartha earráideach agus ba cheart an earráid sin a cheartú.

(4) Ina theannta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1296 leasaíodh pointe SPO.POL.110 d'Iarscríbhinn VIII (Cuid-SPO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, trí phointí (a), (b) agus (c) den phointe sin a ionadú. Mar sin féin, scriosadh iarphointí (d) agus (e) leis an leasú sin, cé nárbh é sin an sprioc. Dá brí sin, ba cheart iarphointí (d) agus (e) de SPO.POL.110 a thabhairt isteach an athuair le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/1296, is é sin ón 30 Deireadh Fómhair 2022.

(5) Dá bhrí sin ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a cheartú dá réir sin.

(6) Tá na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste faoi chur i bhfeidhm rialacha comhchoiteanna sábháilteachta i réimse na heitlíochta sibhialta,

([1]) (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2237 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le hoibríochtaí uile-aimsire agus maidir le hoiliúint agus seiceáil na foirne eitilte (IO L 450, 16.12.2021, lch. 21).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i dtaca le ríomhanna feidhmíochta do thuirlingt eitleán agus leis na caighdeáin i dtaca le staid dhromchla an rúidbhealaigh a mheas, trealamh sábháilteachta agus ceanglais agus oibríochtaí áirithe a nuashonrú gan formheas oibríochtúil a bhfuil raon leathnaithe ag baint leis (IO L 229, 5.9.2019, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1296 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2021 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le pleanáil agus bainistíocht bhreosla/fuinnimh, agus a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le cláir thacaíochta agus measúnú síceolaíochta ar fhoireann eitilte, mar aon le tástáil maidir le substaintí sícighníomhacha (IO L 282, 5.8.2021, lch. 5).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Iarscríbhinní III (Cuid-ORO), IV (Cuid-CAT), agus VIII (Cuid-SPO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 3 den Iarscríbhinn ón 30 Deireadh Fómhair 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Ceartaítear Iarscríbhinní III, IV agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) i bpointe ORO.FC.146(f) d'Iarscríbhinn III (Cuid-ORO), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

"(2) Oibríochtaí CAT na n-eitleán a chomhlíonann na critéir a shainítear i bpointe ORO.FC.005(b)(1).";

(2) Ceartaítear Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) mar a leanas:

(a) i bpointe CAT.POL.A.215(c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

"(3) tá caitheamh amach breosla ceadaithe a oiread atá comhsheasmhach leis an aeradróm a shroicheadh a nglactar leis go ndéanfar tuirlingt ann tar éis chliseadh an innill leis an gcúltaca breosla is gá i gcomhréir le pointe CAT.OP.MPA.181, atá iomchuí le haghaidh aeradróm malartach, má úsáidtear nós imeachta atá sábháilte;";

(b) i bpointe CAT.POL.A.230, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) Chun an t-eitleán a sheoladh:

(1) tuirlingeoidh an t-eitleán ar an rúidbhealach is fabhraí, in aer socair; agus

(2) tuirlingeoidh an t-eitleán ar an rúidbhealach is dealraithí a bheidh sannta dó de réir luas dóchúil agus threo dóchúil na gaoithe agus shaintréithe láimhseála an eitleáin ar an talamh, agus de réir coinníollacha eile amhail áiseanna tuirlingthe agus an tír-raon.";

(c) i bpointe CAT.POL.A.235, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) Chun an t-eitleán a sheoladh:

(1) tuirlingeoidh an t-eitleán ar an rúidbhealach is fabhraí, in aer socair; agus

(2) tuirlingeoidh an t-eitleán ar an rúidbhealach is dealraithí a bheidh sannta dó de réir luas dóchúil agus threo dóchúil na gaoithe agus shaintréithe láimhseála an eitleáin ar an talamh, agus de réir coinníollacha eile amhail áiseanna tuirlingthe agus an tír-raon.";

(d) i bpointe CAT.POL.A.415, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) Tá caitheamh amach breosla ceadaithe a oiread atá comhsheasmhach leis an aeradróm a shroicheadh a nglactar leis go ndéanfar tuirlingt ann tar éis chliseadh an innill leis an gcúltaca breosla is gá i gcomhréir le pointe CAT.OP.MPA.181, atá iomchuí le haghaidh aeradróm malartach, má úsáidtear nós imeachta atá sábháilte.";

(3) i bpointe SPO.POL.110 d'Iarscríbhinn VIII (Cuid-SPO), cuirtear na pointí (d) agus (e) seo a leanas isteach, lena leasaítear:

"(d) Áiritheoidh an píolóta i gceannas an méid seo a leanas:

(1) go ndéanfar an t-aerárthach a luchtú faoi mhaoirseacht pearsanra cháilithe;

(2) go mbeidh an luchtú tráchta comhsheasmhach leis na sonraí a úsáidtear chun mais agus cothromaíocht an aerárthaigh a ríomh.

(e) Sonróidh an t-oibreoir, sa lámhleabhar oibríochta, na prionsabail agus na modhanna a bheidh i gceist leis an luchtú agus leis an gcóras maise agus cothromaíochta, a bheidh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a) go (d). Cumhdóidh an córas sin gach cineál oibríochta atá beartaithe.".